Téipscript

Topaic: **An Páiste**

Fothopaic: **Cóisirí breithlae**

Cainteoir: **Aoife Ní Chonchúir**

Inniu lá breithe Shláine. Tá sí trí bliana d'aois. Sin í an dara hiníon atá agam agus fuaireas caisleán di inniu don lá breithe agus nuair a chonaic sí ar maidin é, léim a croí le háthas. Tá sí ag léimeadh ó shin agus tá sí ana-shásta léi féin mar bhí císte *Peppa Pig* againn agus tá siad tar éis…na leanaí ar fad anseo…tar éis ualach milseán a ithe agus tá siad chomh sásta. Agus tá áthas orm go bhfuaireas an caisleán mar tá an gairdín ana-fhliuch, saghas drochaimsir againn, agus tá siad ábalta a bheith ag imirt leo agus táimidne ábalta braon caife a bheith againn istigh.